

An  
Coimisiún  
Pleanála

**Ordú ón gCoimisiún**

**Commission Order**

**ABP-318220-23**

---

**Acht na mBóithre, 1993, arna leasú**

**Roads Act, 1993, as amended**

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú**

**Planning and Development Act, 2000, as amended**


**Údarás Pleanála: Comhairle Contae na Gaillimhe**

**Planning Authority: Galway County Council**

**Iarratas** ó Chomhairle Contae na Gaillimhe ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, i gcomhréir le pleananna agus sonraí, lena n-áirítear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura, a taisceadh leis an gCoimisiún Pleanála an 23<sup>ú</sup> lá de mhí Dheireadh Fómhair 2018, mar a leasaíodh leis an bhfaisnéis bhreise a fuair an Coimisiún Pleanála an 14<sup>ú</sup> lá de mhí Aibreáin 2025.

**Forbairt Bheartaithe:** Forbairt bhóthair bheartaithe a chuimsíonn:

- (a) Carrbhealach dúbailte, ar a bhfuil dhá lána agus cruu-ghrua sa dá threo, agus bacainn deighilte eatarthu.
- (b) Carrbhealach aonair, ar a bhfuil lána amháin agus cruu-ghrua sa dá threo.
- (c) Bóithre ceangail nua.
- (d) Athailíniú/feabhsú ar bhóithre réigiúnacha, contae agus áitiúla a dtrasnaíonn an fhorbairt bhóthair bheartaithe iad.
- (e) Oibreacha áitiúla ar na líonraí láithreacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais (go háirithe na seirbhísí 110 kV agus 38 kV a atreorú).



Mar aon leis na hoibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha uile a bhaineann leo sin.

Laistigh de na bailte fearainn seo a leanas: (i) An Baile Nua/Newvillage, (ii) Na Foraí Maola Thiar/Forramoyle West, (iii) Na Foraí Maola Thoir/Forramoyle East, (iv) Troscaigh Thiar/Trusky West, (v) Troscaigh Thoir/Trusky East, (vi) An Chloch Scoilte/Cloghscolita, (vii) An Baile Ard Thoir/Ballard East, (viii) An Baile Ard Thiar/Ballard West, (ix) An Aill/Aille, (x) An Cheapach/Cappagh, (xi) Baile na hAbhann Thoir/Ballynahown East, (xii) An Caorán/Keeraun, (xiii) Baile na mBúrcach/Ballyburke, (xiv) Mionchluain/Mincloon, (xv) Rathún/Rahoon, (xvi) Leitreach/Letteragh, (xvii) Barr na Crannaí/Barnacranny, (xviii) An Bealach/Ballagh, (xix) Páirc na Sceach/Bushypark, (xx) An Daingean Uachtair/Dangan Upper, (xxi) An Daingean Íochtair/Dangan Lower, (xxii) Mionlach/Menlough, (xxiii) Cúil Each [i dtoghroinn Mhionlaigh]/Coolagh [in the electoral division of Menlough], (xxiv) Baile an Dúlaigh/Ballindooly, (xxv) An Caisleán Gearr/Castlegar, (xxvi) Ceapach na Boirne/Cappanabornia, (xxvii) An Pháirc Mhór/Parkmore, (xxviii) Baile an Bhriotaigh/Ballybrit, (xxix) An Poll Caoin/Pollkeen, (xxx) An Bhrocach/Brockagh, (xxxi) Dabhach Uisce/Doughiska, (xxxii) An Bréanlochán/Breanloughaun, (xxxiii) Cúil Each [i dtoghroinn an Bhaile Bháin]/Coolagh [in the electoral division of Ballybaan], (xxxiv) An Garrán Thuaidh/Garraun North, (xxxv) An Baile Bán Beag/Ballybaan Beg.

## CINNEADH

**An fhorbairt bhóthair bheartaithe a CHEADÚ bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí faoi bhun agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.**

## CÚISEANNA AGUS CÚINSÍ

Agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna i ndáil leis an gcinneadh uaidh a dhéanamh, bhí aird ag an gCoimisiún ar na nithe seo a leanas:

- (a) **Reachtaíocht Eorpach**, lena n-áirítear reachtaíocht a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint léi;
- Treoir 2014/52/AE lena leasaítear Treoir 2011/92/AE (an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta) maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol,
  - Treoir 92/43/CEE (an Treoir um Ghnáthóga) agus Treoir 79/409/CEE, arna leasú le Treoir 2009/147/CE (an Treoir um Éin), inar leagadh síos na ceanglais le haghaidh gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáin a chaomhnú ar fud an Aontais Eorpaigh,
  - Treoir 2000/60/CE (an Chreat-treoir Uisce) agus an ceanglas atá ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh atá ag teacht leis na forálacha den Treoir agus a chomhlíonann ceanglais na Treorach nó a chuireann an comhlíonadh sin chun cinn, agus
  - Rialachán Uimhir 1315/2013 (Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T)) agus an beartas gaolmhar bonneagair iompair de chuid an Aontais Eorpaigh dar teideal Bonneagar – TEN-T – Cónascadh na hEorpa.
- (b) **Beartas náisiúnta pleanála agus beartas náisiúnta gaolmhar**, lena n-áirítear:
- alt 15(1) den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, arna leasú le halt 17 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus an ceanglas atá ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh, a mhéid is féidir, ar mhodh atá ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, agus leis an straitéis fhadtéarmach náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide, leis an gcreat náisiúnta oiriúnaithe agus leis na pleananna ceadaithe oiriúnaithe eanála atá leagtha amach sna pleananna sin, agus ar mhodh atá ceaptha chun an cuspóir a chur chun cinn arb éard é astaíochtaí

gás ceaptha teasa a mhaolú agus oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide sa Stát,

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, agus an tAthbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2025,
- An Creat Náisiúnta Pleanála: An Chéad Athbhreithniú, Aibreán 2025,
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, An Roinn Iompair, 2022,
- 4<sup>ú</sup> Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2023-2030,
- An Plean Gníomhaíochta Uisce 2024: An Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus
- Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2011.

(c) **Beartas ar an leibhéal réigiúnach**, lena n-áirítear:

- Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020-2032.

(d) **Beartas áitiúil pleanála**, lena n-áirítear:

- Straitéis Iompair na Gaillimhe, 2016, agus an scéim bóithre atá ar cheann de na príomhghníomhartha atá sa straitéis sin,
- Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029, agus Soghluaisteacht agus Iompar Inbhuanaithe: 4.8 Cuspóir Sonrach uimhir 24,
- Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2025–2030,
- Plean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe 2025-2030,
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe: Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029,
- Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028 agus an Cuspóir Beartais do Bhóithre Náisiúnta: NR2 Príomhfhorbairtí Bonneagair Bóithre,
- Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030,
- Comhairle Contae na Gaillimhe: Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029,

- Comhairle Contae na Gaillimhe: Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2024-2028,
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe: Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2024-2028,
- cineál, scála, fairsinge agus dearadh na forbartha beartaithe, mar atá leagtha amach san iarratas pleanála, agus saintréithe agus patrún na forbartha i gCathair na Gaillimhe agus sa gharchomharsanacht agus sa chomharsanacht,
- iomláine na ndoiciméad a chuir Comhairle Contae na Gaillimhe isteach thar a ceann féin agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (an t-iarratasóir) chun tacú leis an bhforbairt bheartaithe, lena n-áirítear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus an Ráiteas Tionchair Natura, an raon beart maolaithe agus faireacháin atá beartaithe agus, go háirithe, an freagra a thug an t-iarratasóir ar na haighneachtaí a rinneadh,
- na hiarmhairtí is dóigh a bheidh ann don chomhshaol agus do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir ina mbeartaítear an fhorbairt bheartaithe a dhéanamh, agus na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar Láithreáin Eorpacha, agus
- an scrúdú, an anailís agus an mheastóireacht a rinneadh i ndáil le pleanáil agus forbairt inchothaithe, leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leis an measúnacht tionchair timpeallachta, leis an measúnacht chuí, leis an Measúnacht faoin gCreat-treoir Uisce, agus leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh sna nithe seo a leanas:
  - i. an tuarascáil fhorlíontach ón gCigire agus an moladh ón gCigire,
  - ii. an tuarascáil tosaigh ón gCigire sa bhliain 2021, agus,
  - iii. an tuairisciú forlíontach agus tosaigh ó shain-Éiceolaithe agus ó shain-Hidrigeolaithe.

## **Measúnacht Chúí: Céim 1:**

Chomhaontaigh an Coimisiún leis an measúnacht scagtha agus leis an gconclúid a rinneadh sa tuarascáil ón gCigire á rá gurb iad Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Coirib (Cód Láithreáin: 000297), Limistéar Cosanta Speisialta Loch Coirib (Cód Láithreáin: 004042), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268), Limistéar Cosanta Speisialta Chuan na Gaillimhe Istigh (Cód Láithreáin: 004031), Limistéar Caomhantais Speisialta Inis Mór (Cód Láithreáin: 000213), Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileáin Chill Chiaráin (Cód Láithreáin: 002111), Limistéar Caomhantais Speisialta Fhéarach Ard Raithin (Cód Láithreáin: 002244), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh (Cód Láithreáin: 000242), Limistéar Caomhantais Speisialta Thurlach Chill Tiarnáin (Cód Láithreáin: 001285), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Loch Fionngheal (Cód Láithreáin: 000606), Limistéar Caomhantais Speisialta Thurlach Ráth Asáin (Cód Láithreáin: 000322), Limistéar Cosanta Speisialta Thurlach Ráth Asáin (Cód Láithreáin: 004089), Limistéar Cosanta Speisialta Riasc Chreig Eanaigh (Cód Láithreáin: 004142), Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Mhám Toirc (Cód Láithreáin: 002008), Limistéar Caomhantais Speisialta Bheanna Beola/Choimpléasc Mhaolchnoic (Cód Láithreáin: 002031), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Phortach Chonamara (Cód Láithreáin: 002034), Limistéar Cosanta Speisialta Choimpléasc Phortach Chonamara (Cód Láithreáin: 004181), Limistéar Caomhantais Speisialta Loch agus Choillte an Rois (Cód Láithreáin: 001312), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Bhoirne Thoir (Cód Láithreáin: 001926), Limistéar Caomhantais Speisialta Shliabh Mhóinín (Cód Láithreáin: 000054), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Cheann Boirne-Pholl Salach (Cód Láithreáin: 000020) agus Limistéar Caomhantais Speisialta Phábháil Aolchloiche Ghort na nDarach (Cód Láithreáin: 001271) na Láithreáin Eorpacha ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha orthu, agus ghlac an Coimisiún an mheasúnacht scagtha agus an chonclúid sin.

## **Measúnacht Chuí Chéim 2:**

Rinne an Coimisiún breithniú ar an Ráiteas Tionchair Natura agus ar gach aighneacht iomchuí eile, agus rinne sé measúnacht chuí ar impleachtaí na forbartha beartaithe do na Láithreáin Eorpacha réamhluaite i bhfianaise chuspóirí caomhantais na Láithreán. Mheas an Coimisiún gur leor an fhaisnéis a bhí os a chomhair chun measúnacht chuí a dhéanamh:

Agus an mheasúnacht á cur i gcrích aige, rinne an Coimisiún breithniú ar leith ar na nithe seo a leanas:

- (i) na tionchair dhíreacha agus indíreacha ar dóigh dóibh teacht as an bhforbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, go háirithe na tionchair ar na Láithreáin Eorpacha réamhluaite,
- (ii) na bearta maolaithe atá ar áireamh san fhorbairt bheartaithe reatha,
- (iii) na cuspóirí caomhantais do na Láithreáin Eorpacha lena mbaineann,
- (iv) tuairimí na gcomhlachtaí forordaithe ina leith seo, agus
- (v) na measúnuithe sainchomhairleoirí ó na hÉiceolaithe agus ó na Hidrigeolaithe.

Agus an mheasúnacht chuí á cur i gcrích aige, ghlac an Coimisiún leis an measúnacht chuí a rinneadh sa tuarascáil ón gCigire, atá mar fhorlíonadh ar an tuarascáil ón gCigire sa bhliain 2021, maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe ar shláine na Láithreán Eorpach réamhluaite, agus ghlac sé an mheasúnacht sin, agus aird á tabhairt ar chuspóirí caomhantais na Láithreán.

Sa chonclúid fhoriomlán uaidh, ba dheimhin leis an gCoimisiún nach ndéanadh an fhorbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, dochar do shláine na Láithreán Eorpach, i bhfianaise chuspóirí caomhantais na Láithreán.

## **Measúnacht Tionchair Timpeallachta**

Chuir an Coimisiún measúnacht tionchair timpeallachta i gcrích ar an bhforbairt bheartaithe, agus aird á tabhairt aige ar na nithe seo a leanas:

- (a) cineál, scála agus méid na forbartha beartaithe,
- (b) an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus na doiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach chun tacú leis an iarratas,
- (c) na haighneachtaí a rinneadh le linn an iarratais, agus
- (d) an tuarascáil ón gCigire sa bhliain 2021, an tuarascáil fhorlíontach ón gCigire sa bhliain 2026, agus na saintuarascálacha éagsúla a ullmhaíodh chun cabhrú leis an gCoimisiún agus chun eolas a thabhairt dó.

### **Conclúid Réasúnaithe maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta**

Maidir leis an leagan nuashonraithe den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus na doiciméid tacaíochta a chuir an t-iarratasóir isteach, mheas an Coimisiún go mbreithnítear go himleor iontu roghanna eile ar an bhforbairt bheartaithe agus go sainaithnítear go himleor iontu na héifeachtaí díreacha, indéreacha, tánaisteacha agus carnacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol agus go dtugtar tuairisc imleor ar na héifeachtaí sin iontu agus go gcomhlíontar iontu na forálacha de Threoir 2014/52/AE ón Aontas Eorpach lena leasaítear Treoir 2011/92/AE.

Chomhaontaigh an Coimisiún leis an scrúdú, mar atá leagtha amach sa tuarascáil ón gCigire, ar an bhfaisnéis atá sa leagan nuashonraithe den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus sna doiciméid ghaolmhara a chuir an t-iarratasóir isteach agus sna haighneachtaí a rinneadh le linn an iarratais.

Mheas an Coimisiún, agus chomhaontaigh sé leis na conclúidí réasúnaithe ón gCigire, gurb iad seo a leanas na príomhéifeachtaí suntasacha díreacha agus indéreacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol:

### **Sláinte an Phobail agus Sláinte an Duine**

- Cailliúint teaghaisí: Tá sé beartaithe 54 theaghais a scartáil nó a fháil chun an fhorbairt bheartaithe a éascú. Beidh tionchar diúltach buan ollmhór aige sin ar úinéirí tí. Ní dhéanfar an tionchar sin a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll.

- Scoitheadh pobal mar gheall ar an scéim fhisiciúil bóithre: Mar thoradh ar 54 theaghais a chailliúint agus ar ghráigeanna teaghaisí a chailliúint i limistéir amhail na Foraí Maola/Troscaigh, an Caisleán Gearr, agus an Daingean, beidh tionchar scoite ann ar na pobail a bheidh fágtha. Is tionchar diúltach fadtéarmach suntasach a bheidh sa tionchar sin, rud nach ndéanfar é a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll.
- Scoitheadh pobal mar gheall ar athruithe i bpatrúin tráchta: Beidh tionchair dhearfacha fhadtéarmacha ann do roinnt pobal atá scoite faoi láthair mar gheall ar mhéideanna tráchta toisc go dtiocfaidh laghdú ar an trácht i sráidbhailte amhail Bearna agus an Caisleán Gearr, rud a thabharfaidh rochtain níos éasca do choisithe agus do rothaithe agus a chuirfidh feabhas ar thaitneamhachtaí do dhaoine soghonta.
- Scoitheadh pobal mar gheall ar dhúntaí bóithre: I gcás go ndéanfar mionbhóithre a dhúnadh, a atreorú nó a athródú agus go scoithfear pobail dá dheasca sin, beidh tionchar diúltach suntasach ann a bheidh de chineál meántéarmach nó fadtéarmach, ag brath ar dhlús na forbartha agus ar mhéid an athródaithe. Ní dhéanfar an tionchar sin a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll.
- Scoitheadh pobal mar gheall ar thrácht tógála: Le linn na céime tógála, cruthóidh trácht tógála fadhbanna diúltacha gearrthéarmacha beaga scoite, ar fadhbanna iad a mhaolófar trí na bearta atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil.
- Taitneamhachtaí ginearálta: Beidh tionchair dhiúltacha ghearrthéarmacha a bheidh sa raon idir tionchair bheaga agus tionchair mheasartha ann le linn na céime tógála ar shaoráidí ginearálta i limistéir amhail Rosán Glas, Gort na Bró agus eaglais agus scoil Pháirc na Sceach mar thoradh ar thrácht tógála, ar thorann agus ar dheannach feadh bealaí iompair. Maolófar iad sin trí na bearta atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil. Beidh tionchar diúltach beag ann ar thaitneamhachtaí le linn na céime oibríochtúla.

- Taitneamhachtaí Ollscoil na Gaillimhe: Le linn na céime tógála, beidh tionchair dhiúltacha shuntasacha ann ar an bpobal a úsáideann Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe mar thoradh ar chailliúint páirceanna imeartha, ar an modhnú ar an bpailliún spóirt, ar oibreacha tógála i ngaireacht siúlbealaí, agus ar thionchair thorainn agus amhairc. Maolófar iad sin trí leas a bhaint as na cleachtais chaighdeánacha tógála atá mionsonraithe sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil. Le linn na céime oibríochtúla, leanfaidh tionchar fadtéarmach measartha de bheith ann ar thaitneamhachtaí ginearálta an champais spóirt. Maolófar an tionchar sin trí cheart slí a sholáthar, trí rochtain a thabhairt ar na tailte atá suite faoi bhun an tarbhealaigh agus trí bhearta maolaithe torainn a dhéanamh.
- Taitneamhachtaí feadh Abhainn na Gaillimhe: Le linn na céime tógála, beidh rochtain theoranta ann ar an mbruach abhann ar an Daingean, agus beidh tionchair thorainn agus amhairc ann ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe. Maolófar iad sin trí leas a bhaint as na cleachtais chaighdeánacha tógála atá mionsonraithe sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil. Ní bheidh aon srian iomlán ann ar rochtain ar an mbruach abhann tráth ar bith. Is tionchair dhiúltacha ghearrthéarmacha mheasartha a bheidh sna tionchair a bheidh ann le linn na céime tógála. Áireofar leis na bearta maolaithe le linn na céime oibríochtúla an fásra láithreach agus na bacainní láithreacha torainn a choinneáil. Beidh na tionchair sa raon idir tionchair dhiúltacha fhadtéarmacha mheasartha agus tionchair dhiúltacha fhadtéarmacha shuntasacha, mar gheall ar an gcailliúint ghinearálta taitneamhachta.
- Taitneamhachtaí Ráschúrsa na Gaillimhe: Is féidir tionchair thógála ar Ráschúrsa na Gaillimhe a sheachaint trí bhearta amhail stáblaí sealadacha a sholáthar (a fuair cead pleanála ar leithligh cheana féin) agus scor d'oibreacha le linn séasúir féilte rásaíochta. Bainfidh Ráschúrsa na Gaillimhe tairbhe as na bearta maolaithe le linn na céime oibríochtúla.
- Socheacnamaíoch: Le linn na céime tógála, beidh roinnt tionchar diúltach gearrthéarmach ann ar ghnólachtaí mar thoradh ar thorann agus ar dheannach, ar tionchair iad a mhaolófar trí na bearta atá leagtha amach sa Phlean

Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil. I gcás go mbeidh tionchar ann ar infheictheacht do ghnólachtaí, beidh comharthaí breise i measc na mbearta maolaithe a dhéanfar. Ní dhéanfar scartáil maoinne áirithe tionsclaíocha agus tráchtála a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll. Le linn na céime oibríochtúla, beidh tionchair dhearfacha shuntasacha ann i leith agaí turais, iontaofacht turais agus taitneamhachtaí turais.

- **Saintréithe Turais:** Le linn na céime tógála, beidh roinnt tionchar diúltach gearrthéarmach sealadach measartha ann ar thurais mar thoradh ar dhúntaí bóithre nó ar atreoruithe. Maolófar na tionchair sin tríd an bPlean Bainistíochta Tráchtála. Le linn na céime oibríochtúla, beidh tionchair dhearfacha bhuana shuntasacha ag an mbóthar maidir le feabhas a chur ar agaí turais, ar iontaofacht agaí turais agus ar thaitneamhachtaí turais. Beidh nascacht fheabhsaithe ann ar fud na cathrach agus níos faide i gcéin, rud a shaorfaidh lár na cathrach agus na bruachbhailte istigh ó phlódú.
- **Sláinte:** Le linn na céime tógála, maolófar tionchair fhéideartha ar an tsláinte a eascróidh as astaíochtaí aeir, torainn agus uisce trí leas a bhaint as na cleachtais tógála atá leagtha amach sa Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil. Le linn na céime oibríochtúla, seachnófar tionchair trí aird a thabhairt ar an dóigh a gcomhlíonann an fhorbairt bheartaithe na caighdeáin aeir agus torainn atá leagtha amach sna treoirlínte ó Bhoneagar Iompair Éireann.

### **Bithéagsúlacht**

- Maidir leis an éifeacht iarmharach shuntasach a bheidh ann ar ghnáthóga mar thoradh ar ghnáthóg tosaíochta atá in Iarscríbhinn I (atá suite lasmuigh d'aon Láithreán Eorpach) ina bhfuil pábháil aolchloiche (\*8240), bratphortach gníomhach (\*7130) agus tobar clochraithe (\*7220) a chailliúint, ní féidir í a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll.
- Maidir leis an éifeacht iarmharach shuntasach a bheidh ann ar ghnáthóga mar thoradh ar ghnáthóg atá in Iarscríbhinn I (atá suite lasmuigh d'aon Láithreán Eorpach) a chailliúint, lena n-áirítear gnáthóga fraochmhá fliche atá in

larscribhinn I (\*4010), gnáthóga fraochmhá tirime agus gnáthóga eile a bhfuil luach idirnáisiúnta go luach áitiúil leo, lena n-áirítear gnáthóga atá suite laistigh de limistéir atá ainmnithe mar limistéir bhithéagsúlachta áitiúla agus mar limistéir bhithéagsúlachta cathrach, ní féidir, nó ní dhéanfar, í a sheachaint, a mhaolú go hiomlán ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll.

- Maidir leis an éifeacht iarmharach shuntasach a bheidh ann mar thoradh ar phobail speiceas plandaí agus speiceas inveirteabrach amháin atá ar áireamh i leabhair dhearga sonraí na hÉireann a chailliúint, nó mar thoradh ar dhamáiste do na pobail nó don speiceas sin, ní dhéanfar í a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll.
- Maidir leis an éifeacht iarmharach shuntasach a bheidh ann ar an scréachóg reilige, ar an bhfabhcún gorm, ar an gcrú-ialtóg bheag, ar an iora rua agus ar an gcat crainn, ní dhéanfar í a sheachaint, a mhaolú go hiomlán ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll. Laghdófar an éifeacht sin, áfach, mar thoradh ar an mbeart beartaithe cúitimh.

### **Ithreacha agus Geolaíocht**

- Caillfear limistéir bheaga phábhála aolchloiche (gnáthóg atá in larscribhinn I) lasmuigh de Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Coirib (Cód Láithreáin: 000297), rud a n-imreofar tionchar suntasach air. Ní dhéanfar an tionchar sin a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll. Baineann an chailliúint sin go príomha leis na forchúrsaí boinn a thógáil do tharbhealach a shínfídh thar limistéar mór phábhála aolchloiche.
- Beidh tionchair ann maidir le cailliúint ithreach feadh an bhealaigh agus maidir le húsáid acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear cumascáin, chun an fhorbairt bheartaithe a thógáil. Maolófar na tionchair sin trí ábhair thochailte a athúsáid sa phróiseas tógála agus trí limistéir shil-leagain ábhar a chruthú le haghaidh ábhar breise/neamhoiriúnach agus le haghaidh cruthú gnáthóige. Maidir le tionchair eile le linn na céime tógála, lena n-áirítear éilliú ithreach, tionchair phléasctha, oibreacha tollánaithe, cobhsaíocht fána agus tionchair oibreacha créfoirt, déanfar iad a sheachaint, a bhainistiú agus/nó a mhaolú trí na bearta atá mar chuid den fhorbairt bheartaithe agus trí na bearta beartaithe maolaithe

atá ar áireamh sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil.

### **Hidrigeolaíocht**

- Beidh tionchair ann ar roinnt toibreacha láithreacha, a gcaillfead iad mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe. Maolófar iad sin trí thoibreacha athsholáthair, foinsí malartacha uisce nó cúiteamh a sholáthar, de réir mar is cuí.
- Maolófar tionchair ar cháilíocht screamhuisce tríd an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus an Sceideal Gealltanais Comhshaoil, lena n-áirítear an Prótacal Carst agus an Plean um Chreimeadh Dríodair agus Rialú Truailithe a ghabhann leo, a chur chun feidhme le linn na céime tógála. Sa chéim oibríochtúil, maolófar iad trí dhearadh an chórais draenála, lena n-áirítear locháin tánúcháin agus chóireála uisce, bogaigh, agus scaoileadh rialaithe. Cé go dtiocfaidh tionchair ar leibhéil screamhuisce chun cinn mar gheall ar dhí-uisciú agus ar athlónadh, maolófar iad sin trí rith chun srutha a choinneáil laistigh den dobharcheantar nó den dobharlach screamhuisce céanna agus i limistéir amhail Tollán Leacaigh, trí oibreacha tógála a uainiú ar bhealach a fhágfaidh nach mbeidh aon ghá ann le dí-uisciú. Maolófar tionchair struchtúracha ar mhaoine atá suite i gcomharsanacht limistéar ina n-ísleofar leibhéil screamhuisce, agus déanfar faireachán ar na tionchair sin trí shuirbhéanna ar riocht maoine.
- Seachnófar tionchair ar ghnáthóga atá spleách ar screamhuisce trí ailíniú agus dearadh na forbartha bóthair beartaithe, nó maolófar iad trí bhearta amhail bearta sreabhrialaithe agus bearta rialaithe truailithe. Ní bheidh aon íslíú screamhuisce ann laistigh de dhobharlaigh screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga atá spleách ar screamhuisce laistigh de Láithreán Eorpach.

### **Hidreolaíocht**

- Maolófar tionchair ar cháilíocht uisce le linn na céime tógála tríd an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus an Sceideal Gealltanais Comhshaoil, lena n-áirítear an Plean Freagartha Teagmhas agus an Plean um Chreimeadh

Dríodair agus Rialú Truailithe, a chur chun feidhme, trí na toilithe riachtanacha a fháil agus trí dhul i gcomhairle le comhlachtaí forordaithe.

- Déanfar tionchair ar an soláthar uisce d'Ionad Cóireála Uisce Thír Oileáin a sheachaint agus a mhaolú tríd an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála a chur chun feidhme, trí dhul i gcomhairle agus idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh le hUisce Éireann agus trí oibreacha a chur i gcrích i gcomhréir leis na modhanna agus an treoir tógála dea-chleachtais.
- Maidir le tionchair ar cháilíocht uisce a eascróidh as rith chun srutha ón mbóthar nó as doirteadh de thaisme le linn na céime oibríochtúla, maolófar iad trí dhearadh an chórais draenála don fhorbairt bheartaithe, atá freagrúil do na geolaíochtaí difriúla sa limistéar, agus, go háirithe, trí úsáid a bhaint as locháin tánúcháin, as locháin síothlaithe, as leapacha giolcach, as imchuacha insíothlúcháin, as sásraí sreabhrialaithe, etc. Maolófar tionchair riosca tuilte in aice le Bóthar Thuama/an N83 ag Claí an Dá Mhíle trí stóráil cúitimh tuilte, trí dhraenáil stoirme a sholáthar ar an N83 ag an suíomh sin, agus trí stáisiún caidéalúcháin a sholáthar lena scaoilfear isteach sa séarach stoirme láithreach.

### **Torann agus Tonnchrith**

- Tiocfaidh tionchair thorainn agus thonnchreatha chun cinn le linn na céime tógála, lena n-áirítear de dheasca oibríochtaí pléasctha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghabhdóirí cónaithe agus ar ghabhdóirí íogaire eile. Meastar, áfach, go ndéanfaí na tionchair fhéideartha sin a sheachaint, a bhainistiú agus a mhaolú trí na bearta atá mar chuid den fhorbairt bheartaithe, trí na bearta beartaithe maolaithe agus faireacháin agus trí choinníollacha oiriúnacha, agus aird á tabhairt ar fhad réasúnta gearrthéarmach na céime tógála agus ar chineál líneach na forbartha beartaithe.
- Le linn na céime oibríochtúla, beidh formhór na ngabhdóirí atá íogair i leith torainn i gcomhréir leis an sprioc deartha atá leagtha amach sna Treoirínte ó Bhoneagar Iompair Éireann, a luaithe a chuirfear bearta maolaithe torainn san áireamh, amhail bacainní torainn agus dromchla bóthair ísealtorainn. Beidh tionchair dhearfacha ann freisin ar líon mór gabhdóirí atá suite ar an ngréasán láithreach bóithre, mar gheall ar lagduithe ar mhéideanna tráchta ar bhóithre

láithreacha. Bainfear do líon teoranta maoinne, áfach, tionchar iarmharach torainn a bheidh beagáinín níos mó ná Sprioc Deartha Bhonneagar Iompair Éireann. Agus na forálacha de na Treoirínte ó Bhonneagar Iompair Éireann do chás den sórt sin á dtabhairt faoi deara, mar aon leis an ngá atá le soláthar agus scála bacainní torainn a chothromú le tosca eile, amhail an tionchar amhairc, is deimhin leis an gCoimisiún nach mbeadh aon tionchair dho-ghlactha dhíreacha, indíreacha ná charnacha ag an bhforbairt bheartaithe ar thorann ná ar thonnchrith.

### **Aercháiliocht**

- Dhéanfaí tionchair fhéideartha ar aercháiliocht a sheachaint, a bhainistiú agus a mhaolú trí na bearta atá mar chuid den fhorbairt bheartaithe agus trí na bearta beartaithe maolaithe amhail an Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus an Sceideal Gealltanais Comhshaoil.

### **Aeráid**

- Is dócha go mbeidh drochthionchair bhuana mheasartha ann ar an aeráid mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe, ina haonar agus in éineacht le tionscadail shainaitheanta eile. Dá bhrí sin, tiocfaidh as an bhforbairt bheartaithe méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus ní chomhlíonfaidh sí an sprioc aeráidneodrachta atá ag Éirinn.
- Beidh bearta maolaithe ar fáil le linn na céime tógála, amhail slaig thalamhghráinnithe foirnéise soinneáin agus soláthar glas, chun giniúint carbóin chorpraithe a laghdú, rud as a n-eascróidh tionchar measartha le linn na céime tógála.
- Ní bheidh aon bhearta maolaithe ar fáil le linn na céime oibríochtúla chun giniúint astaíochtaí carbóin a laghdú. Chun críocha na measúnachta tionchair timpeallachta seo, níl an fhorbairt bheartaithe ag brath ar aon mhórbhearta maolaithe rialtais atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, toisc nach bhfuil roinnt mhaith de na bearta sin faoi smacht an iarratasóra.

## **Trácht agus Iompar**

- Déanfar tionchair fhéideartha a bhaineann le trácht tógála a sheachaint nó a mhaolú tríd an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála, lena n-áirítear an Plean Bainistíochta Trácht Tógála.
- Le linn na céime oibríochtúla, beidh tionchair dhearfacha ag an bhforbairt bheartaithe ar phlódú trácht, ar agaí turais ar phríomhbhealaí, ar staitisticí gréasáin agus ar an gcóimheas idir sreabhadh agus acmhainn ag príomhacmhail. Fágfaidh an forbairt bheartaithe freisin go mbeifear in ann bearta éagsúla atá i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme chun an soláthar taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí sa chathair a mhéadú, agus beidh tionchar dearfach aici ar sciar modha an iompair inbhuanaithe nuair a bhreithneofar é i dteannta na mbearta eile atá i Straitéis Iompair na Gaillimhe a dtacóidh sí leo.
- Cabhróidh an forbairt bheartaithe leis an bhfás tuartha suntasach daonra agus fostaíochta don chathair a chumasú trí naisc bhreise a chur leis an ngréasán bóithre, lena n-áirítear trasrian nua abhann agus naisc idir bealaí gathacha éagsúla a fhreastalaíonn ar an gcathair, rud a chuirfidh feabhas ar inrochtaineacht agus a sholáthróidh bonn do dhlúthfhás na cathrach.

## **Tionchair Thírdhreacha agus Amhairc**

- Le linn chéim tógála na forbartha beartaithe, beidh raon tionchar tírdhreacha agus amhairc ann ar thírdhreacha agus gabhdóirí áirithe, lena n-áirítear tionchair shuntasacha agus ollmhóra. Beidh éifeacht theoranta ag na bearta maolaithe atá beartaithe don chéim sin mar gheall ar scála agus cineál na forbartha beartaithe, agus leanfaidh tionchair dhiúltacha thírdhreacha agus amhairc ar aghaidh le linn na céime tógála.
- Cé go leanfaidh tionchair thírdhreacha agus amhairc ar aghaidh le linn na céime oibríochtúla tosaigh, tiocfaidh laghdú ar a shuntasáí agus a dhéine atá na tionchair sin le himeacht ama de réir mar a thagann na tograí beartaithe maolaithe tírdhreacha chun bheith bunaithe agus chun bheith níos éifeachtaí i gcónaí maidir leis an bhforbairt bheartaithe a scáthú agus/nó maidir le hí a leabú isteach sa tírdhreach. Mar sin féin, leanfaidh tionchair dhiúltacha

iarmharacha shuntasacha agus ollmhóra amhairc le teacht chun cinn do roinnt mhaith maoine cónaithe atá suite i ngar do theorainn na forbartha beartaithe nó tadhlach léi, go háirithe i gcomharsanacht mórstruchtúr innealtóireachta le linn na céime iarbhunaithe.

- Leanfaidh tionchair iarmharacha shuntasacha ar shainghné tírdhreacha le teacht chun cinn ag roinnt suíomhanna freisin. Ní éireoidh leis na bearta beartaithe maolaithe, go háirithe na tograí fairsinge cuimsitheacha le haghaidh plandú tírdhreachaithe, na tionchair shuntasacha nó ollmhóra sin a mhaolú go hiomlán. Maolóidh siad na tionchair go pointe áirithe, áfach, agus méadóidh an maolú sin le himeacht ama de réir mar a aibíonn an plandú.
- Beidh tionchair iarmharacha shuntasacha amhairc ann freisin ar ghleann Abhainn na Gaillimhe ag Caisleán Mhionlaigh agus ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe, go príomha mar gheall ar an gcur isteach amhairc a bheidh ag baint le droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe agus leis an tarbhealach gaolmhar.

### **Oidhreacht Chultúrtha**

- Beidh tionchair dhiúltacha shuntasacha dhíreacha agus indíreacha ann ar roinnt láithreán oidhreachta seandálaíochta agus tógtha. Maolófar na tionchair sin trí thaifid mhionsonraithe ghrianghrafadóireachta agus scríofa a ghlacadh roimh an tógáil agus trí úsáid a bhaint as trinseáil tástála agus as faireachán.
- Beidh tionchar buan an-suntasach ann freisin ar theachín ceann tuí (déanamhas cosanta, Oidhreacht Thógtha uimhir 12), a bhfuil sé beartaithe é a scartáil. Ní mhaolófar an tionchar sin go hiomlán trí thaifead a ullmhú. Déanfar tionchair fhéideartha ar ghnéithe seandálaíochta nach bhfuil ar eolas a mhaolú nó a sheachaint trí sheandálaí a bheith ag déanamh faireachán ar oibreacha tógála agus trí thochailt, i gcás gur cuí. Beidh tionchar an-suntasach ann ar bhallán (Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna - Oidhreacht Seandálaíochta uimhir 2), ar dhéanamhas (Taifead beartaithe ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna - Oidhreacht Seandálaíochta uimhir 42), ar thuama (Oidhreacht Chultúrtha uimhir 49), agus ar bhollán (Oidhreacht Chultúrtha uimhir 51).

## **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta**

- Beidh raon tionchar diúltach ann mar thoradh ar an bhfáil talún a bheidh ag teastáil chun an fhorbairt bheartaithe a thógáil, lena n-áirítear tionchair shuntasacha agus ollmhóra ar úinéirí talún. Beidh tionchair dhiúltacha shuntasacha nó tionchair dhiúltacha ollmhóra ann ar roinnt fiontar feirme agus fiontar eachaí, mar gheall ar shaincheisteanna amhail scoilteadh, tionchair ar inmharthanacht feirmeacha, cur isteach, agus tionchair ar an bhfáil ar sheirbhísí.
- Ní dhéanfar an chailliúint talún a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll. Níl aon mhaolú ann don tionchar sin laistigh den phróiseas measúnachta tionchair timpeallachta. Maolaítear tionchair de dheasca scoilteadh talún go pointe éigin tríd an soláthar beartaithe socruithe agus seirbhísí malartacha rochtana. Mar sin féin, i gcás na bhfiontar talmhaíochta a ndéanfar drochdhífear suntasach nó drochdhífear ollmhór dóibh, is dócha go mbeidh orthu athruithe móra a dhéanamh ar a n-oibríochtaí, ar a mbainistiú agus ar a scála, agus níl aon mhaolú ann don tionchar sin laistigh den phróiseas measúnachta tionchair timpeallachta.

## **Sócmhainní Ábhartha nach Sócmhainní Talmhaíochta iad**

- Cailliúint teaghaisí: Tá sé beartaithe 54 theaghais a fháil nó a scartáil chun an bealach a fhágáil don tionscadal seo. Beidh tionchar diúltach buan ollmhór aige sin ar úinéirí tí. Ní dhéanfar an tionchar sin a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll.
- Foirgnimh thráchtála agus thionsclaíocha: Níl aon mhaolú ann don chailliúint foirgneamh tráchtála agus thionsclaíoch laistigh den phróiseas measúnachta tionchair timpeallachta. Beidh tionchar a bheidh sa raon idir tionchar measartha agus tionchar suntasach ann mar thoradh air sin. Ní dhéanfar an tionchar sin a sheachaint, a mhaolú ná a réiteach ar shlí eile trí choinníoll. Beidh tionchair thógála ann ar roinnt gnólachtaí. Maolófar iad sin trí leas a bhaint as na cleachtais chaighdeánacha tógála atá mionsonraithe sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil.

- Foirgnimh phoiblí agus phobail: Le linn na céime tógála, beifear in ann astaíochtaí torainn agus aeir a mhaolú trí leas a bhaint as na cleachtais chaighdeánacha tógála atá mionsonraithe sa Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil. Le linn na céime oibríochtúla, beidh tionchair dhearfacha ann ar Ráschúrsa na Gaillimhe trí rochtain bhuan a sholáthar ó Bhóthar Ceangail na Páirce Móire.
- Fóntais: Athlonnófar roinnt fóntas mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe. Maolófar an tionchar sin trí leas a bhaint as na cleachtais chaighdeánacha tógála atá mionsonraithe sa Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus sa Sceideal Gealltanais Comhshaoil.

### **Bainistíocht Acmhainní, Mórthionóiscí agus Tubaistí**

- Ginfear dramhaíl agus ábhair farasbairr le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla. Is féidir na tionchair sin a mhaolú trí bhearta atá ina mbearta caighdeánacha dea-chleachtais is inchurtha chun feidhme i dtionscadal den chineál seo, amhail an Plean Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola Tógála agus Scartála.
- Tá san fhorbairt bheartaithe beart bunúsach deartha atá ceaptha chun an baol mórthionóiscí agus tubaistí a laghdú, go háirithe mórthionóiscí tráchta ar bhóithre. Tá sraith pleananna agus nósanna imeachta ann freisin atá ceaptha chun rioscaí a bhainistiú agus a íoslaghdú, lena n-áirítear an Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála, an Plean Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola Tógála agus Scartála, an Plean Bainistíochta Tráchta Tógála, an Plean Bainistíochta Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach, an Plean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truailithe, an Plean Freagartha Teagmhas Comhshaoil, agus an Plean um Shrianadh Lotnaidí. Tar éis an mhaolaithe, tá ísealriosca sannta d'eachtraí amhail titimí talún, cur isteach ar fhóntais, mórthionóiscí tráchta, imeachtaí bithshlándála, agus tionóiscí tionsclaíocha. Níltear ag súil le haon tionchair iarmharacha shuntasacha tar éis na bearta maolaithe a chur chun feidhme.

Beag beann ar an gconclúid ar thángthas uirthi maidir leis na bearta bheartaithe a bheith neamhábailte na tionchair dhiúltacha iarmharacha shuntasacha a mhaolú go

hiomlán i leith nithe comhshaoil éagsúla mar atá leagtha amach thuas, meastar nach dtabharfadh na tionchair chomhshaoil sin údar le diúltú, agus aird á tabhairt ar na tairbhí foriomlána a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe, lena n-áirítear an tábhacht straitéiseach shainaitheanta a bhaineann léi ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, an ról atá aici maidir le plódú a mhaolú agus maidir le buntacú leis na bearta iompair inbhuanaithe atá i Straitéis Iompair na Gaillimhe, agus an ról atá aici maidir le cabhrú le Gaillimh fás ar bhealach níos dlúithe, mar atá sainaitheanta sa Chreat Náisiúnta Pleanála.

Maidir leis an drochthionchar suntasach ar astaíochtaí carbóin agus ar an aeráid, tugtar faoi deara go n-eascróidh sé sin as a fógaire atá an comhshaoil glactha. Mar gheall ar an ról atá ag an bhforbairt bheartaithe maidir le cur chun feidhme na mbeart taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe a éascú agus ar an ról atá aici maidir le tacú le dlúthfhorbairt níos inbhuanaithe na cathrach, ní mheastar go mbainfeadh an fhorbairt bheartaithe an bonn de na hoibleagáidí aeráide atá ar Éirinn, ná go mbeadh sí contrártha do na hoibleagáidí sin, ós rud é gur gá cur chuige leathan earnála agus uile-gheilleagair a ghlacadh i leith gníomhú ar son na haeráide. Ghabh Éire uirthi féin teacht chun bheith aeráidneodrach faoin mbliain 2050, agus is féidir astaíochtaí carbóin a bhaineann le tionscadail riachtanacha bhonneagair amhail an fhorbairt bheartaithe a mhaolú trí laghdúithe i réimsí eile de réir mar a fhorbraítear sásraí amhail na bearta bainistíochta éilimh atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, cáin charbóin agus buiséid charbóin, agus maolófar iad níos mó agus níos mó sa chéim oibríochtúil de réir mar a ghlactar feithiclí leictreacha.

Chuir an Coimisiún measúnacht tionchair timpeallachta i gcrích i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh inghlactha a bheadh éifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaoil, aisti féin agus in éineacht le forbairtí eile sa chomharsanacht, faoi réir na bearta maolaithe atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a chur chun feidhme agus faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ghlac an Coimisiún an tuarascáil agus na conclúidí ón gCigire.

## **Pleanáil Chuí agus Forbairt Inchothaithe:**

Meastar, faoi réir na gcoinníollacha thíos, go mbeadh an fhorbairt bheartaithe ag teacht le pleanáil Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus go bhfuil sí inghlactha a mhéid a bhaineann leis na héifeachtaí ar dóigh di a bheith aici ar an gcomhshaol agus leis na hiarmhairtí ar dóigh di a bheith aici do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

Thug an Coimisiún faoi deara gur gá déanamhas cosanta a scartáil mar thoradh ar an aillíniú bóthair beartaithe, is é sin teachín ceann tuí (Oidhreacht Thógtha uimhir 12, mar atá liostaithe sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta). Cé gur iarratas é seo faoi Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, is amhlaidh, faoi na forálacha d'alt 57(10)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, nach ndeonóidh an Coimisiún cead chun déanamhas cosanta nó déanamhas cosanta beartaithe a scartáil, ach amháin in imthosca eisceachtúla. Is deimhin leis an gCoimisiún gur ann d'imthosca eisceachtúla sa chás seo, ar an mbonn go bhfuil soláthar Chuarbhóthar N6 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe leabaithe i mbeartas Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus gur tharla sé, trí na leaganacha éagsúla deartha agus trí mheastóireacht chuimsitheach ar roghanna eile, gur iniúch an t-iarratasóir na roghanna réasúnacha uile atá ar fáil agus nach bhfuil aon roghanna réasúnacha níos fearr ann seachas an teachín ceann tuí atá i gceist a scartáil.

Is deimhin leis an gCoimisiún freisin go n-imreoidh an fhorbairt bheartaithe ról lárnach maidir le cur chun feidhme na mbeart taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe a éascú agus maidir le tacú le dlúthfhorbairt níos inbhuanaithe na cathrach, mar atá leagtha amach sa leagan glactha is déanaí den Chreat Náisiúnta Pleanála, trí thréthracht feithiclí a bhogadh ar shiúl ó lár na cathrach agus trí spás bóthair a shaoradh do chineálacha níos inbhuanaithe taistil ghníomhaigh agus iompair. Mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe, soláthrófar tuilleadh beart iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh, amhail an rotháocht agus an siúl, rud a mbeidh tionchair dhearfacha bhuna shuntasacha aige trí fheabhas a chur ar agaí turais agus ar iontaofacht agus trí líonra níos cuimsithí iompair phoiblí a sholáthar ar fud na cathrach agus níos faide i gcéin.

Ina theannta sin, ní mheastar go mbainfeadh an fhorbairt bheartaithe an bonn de na hoibleagáidí aeráide atá ar Éirinn, ná go mbeadh sí contrártha do na hoibleagáidí sin, ós rud é gur gá cur chuige leathan earnála agus uile-gheilleagair a ghlacadh i leith gníomhú ar son na haeráide. Ghabh Éire uirthi féin teacht chun bheith aeráidneodrach faoin mbliain 2050, agus is féidir astaíochtaí carbóin a bhaineann le tionscadail riachtanacha bhonneagair amhail an fhorbairt bheartaithe a mhaolú trí laghdúithe i réimsí eile de réir mar a fhorbraítear sásraí amhail na bearta bainistíochta éilimh atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, lena n-áirítear cáin charbóin agus buiséid charbóin, ar nithe iad a bhíonn á bhforbairt agus lena maolófar astaíochtaí gás ceaptha teasa níos mó agus níos mó sa chéim oibríochtúil de réir mar a ghlactar feithiclí leictreacha.

Mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe, i gcomhar leis na feabhsuithe bonneagair iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh agus le bearta bainistíochta éilimh, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuiltear ag coinne leis sa samhaltú tráchta a rinneadh don fhorbairt bheartaithe go mbeidh laghdú 16% ann sa bhliain 2030 ar an líon iomlán ciliméadar feithicle a thaistealaítear sa chathair, i gcomparáid leis an gcás 'gnó mar is gnách', agus go mbeidh laghdú 43% ann sa bhliain 2030 ar astaíochtaí carbóin ón iompar laistigh de limistéar tionchair Chuarbhóthar beartaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomparáid le leibhéal na bliana 2018. Bainfear an laghdú substaintiúil sin ar astaíochtaí ó fheithiclí amach i gcomhthráth le méadú réamh-mheasta 30% ar dhaonra limistéar ceannchathartha Chathair na Gaillimhe idir na blianta 2016 agus 2030. Rannchuideoidh an laghdú tuartha ar an líon ciliméadar feithicle a thaistealaítear agus ar astaíochtaí carbóin le comhlíonadh na bpríomhspríocanna don earnáil iompair ar an leibhéal náisiúnta, mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, atá cothrom le laghdú 20% agus le laghdú 50% faoi seach. Dá bhrí sin, is deimhin leis an gCoimisiún gurb amhlaidh, trí na bearta iompair inbhuanaithe atá leagtha amach i Staidéar Iompair na Gaillimhe a chur san áireamh, mar aon leis na bearta bainistíochta éilimh atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, nach mbainfeadh an fhorbairt bheartaithe an bonn de na hoibleagáidí athrú aeráide atá ar Éirinn a chomhlíonadh agus, go deimhin, go

gcabhródh sí le hÉirinn na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá an togra i gcomhréir go hiomlán le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

### **Measúnacht faoin gCreat-treoir Uisce**

Tar éis breithniú a dhéanamh ar chineál, scála agus suíomh na forbartha beartaithe agus ar an measúnacht a rinne an Cigire, is deimhin leis an gCoimisiún nach ann d'aon riosca inchreidte d'aon dobharlach uisce dromchla agus/nó d'aon dobharlach screamhuisce, cibé acu ón taobh cáilíochtúil de nó ón taobh cainníochtúil de.

Tháinig sé ar an gconclúid sin mar gheall ar chineál agus suíomh na n-oibreacha beartaithe a bheidh faoi réir bearta fairsinge maolaithe le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla, mar atá leagtha amach i gCaibidil 23 den leagan nuashonraithe den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus i gCaibidil 10, hidreolaíocht, agus i gCaibidil 11, hidrigeolaíocht, faoi seach. Is deimhin leis an gCoimisiún freisin gur tharla sé, le linn don iarratasóir breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar roghanna eile réasúnacha, lenar áiríodh cleachtaí fairsinge roghnúcháin bealaí inar cuireadh tionchair uisce san áireamh mar chritéar, gur tugadh aird chuí ar thionchair ar dhobharlaigh uisce dromchla agus ar dhobharlaigh screamhuisce agus gur seachnaíodh na tionchair sin, tríd is tríd.

I gcás nach bhféadfaí tionchair a sheachaint, cuireadh bearta mionsonraithe rialaithe uisce dromchla agus modhanna tógála dea-chleachtais ar áireamh sa dearadh ar mhaithe le dobharlaigh a chosaint. Tá sé beartaithe ag an iarratasóir freisin faireachán a dhéanamh ar cháilíocht uisce le linn na céime tógála agus ina diaidh, agus beidh sé in ann gníomh iomchuí a dhéanamh, de réir mar is gá.

Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil, nach dtiocfaidh as an bhforbairt bheartaithe aon bhaol meatha ar aon dobharlach (aibhneacha, sruthanna, lochanna, agus dobharlaigh screamhuisce, thrasdultacha agus chósta), cibé acu ón taobh cáilíochtúil nó ón taobh cainníochtúil de, go díreach nó go hindíreach nó ar bhonn sealadach nó buan, agus nach gcuirfidh sí as d'aon dobharlach na cuspóirí atá aige faoin gCreat-treoir Uisce a bhaint amach. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go mbeidh bearta cuí i bhfeidhm chun meath stádas na ndobharlach uile atá suite i gcomharsanacht an aillínithe bóthair

bheartaithe a chosc agus, dá bhrí sin, gur féidir é sin a eisiáimh ó aon mheasúnacht bhreise.

## COINNÍOLLACHA

1. Déanfar an fhorbairt bheartaithe agus críochnófar í i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh in éineacht leis an iarratas an 23<sup>ú</sup> lá de mhí Dheireadh Fómhair 2018, mar a leasaíodh leis an bhfaisnéis bhreise a fuair an Coimisiún Pleanála an 14<sup>ú</sup> lá de mhí Aibreáin 2025, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

**Cúis:** Ar mhaithe le soiléire.

2. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe atá sa leagan nuashonraithe den Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach an 14<sup>ú</sup> lá de mhí Aibreáin 2025.

**Cúis:** Chun sláine Láithreán Eorpach a chosaint

3. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe atá sa leagan nuashonraithe den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach an 14<sup>ú</sup> lá de mhí Aibreáin 2025.

**Cúis:** Chun an comhshaol a chosaint.

4. Nuashonrófar an Sceideal nuashonraithe Gealltanais Comhshaoil chun na gealltanais bhreise seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) Tairgfidh Comhairle Contae na Gaillimhe cóiríocht mhalartach chomhchosúil a sholáthar, nó íoc aisti, do chónaitheoirí Cheapach 123 ar feadh thréimhse na n-oibreacha créfoirt i gCuid Tógála S1.
- (ii) Maidir leis na speicis neamhdhúchasacha uile atá sa tríú Sceideal agus atá faoi réir srianta faoi Rialacháin 49 agus 50, Cuid 1: Plandaí, mar atá liostaithe in Ionstraim Reachtúil Uimhir 477/2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, déanfar iad a chóireáil sula dtosófar na hoibreacha tógála.
- (iii) Ní ceadmhach stoc-charnadh a dhéanamh laistigh d'aon limistéar gnáthóige atá in Iarscríbhinn I.

**Cúis:** Ar mhaithe le soiléire, chun tionchair chomhshaoil a rialú le linn na céime tógála, ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe agus amhairc, agus chun sláine Láithreán Eorpach a chosaint.

